

Futa Fata – Ábhar Tacaíochta don Seomra Ranga



Cuileog – An Scéal faoi Chiarán Ó Mianáin le Andy Stanton

Gabhann Futa Fata buíochas le COGG a thacaigh le foilsiú an ábhair thacaíochta seo.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltacha & Gaelscolaíochta



Faoin Leabhar:

Is gnáthbhuachaill deich mbliana d’aois é Ciarán Ó Mianáin. Ach....is féidir leis é féin a athrú isteach ina chuileog! Nó sin a mhaíonn sé ar aon nós! Níor tharla sé fós. Ach le bulaí mór agus gadaithe sa tóir air, níor mhór dó athrú isteach ina chuileog go tapa! Cé go bpléann an leabhar seo ábhair thromchúiseacha ar nós na bulaíochta, scéal an-ghreannmhar atá ann.

Faoin Údar:

Tá an-cháil ar Andy Stanton de bharr a shraith leabhar ‘Mr Gum’. Is le greann agus le spraoi a insíonn sé a chuid scéalta agus is iomaí gradam atá bainte aige dá chuid scríbhneoireachta, an Roald Dahl Funny Prize ina measc. Tá cónaí air i Londain Shasana ach ba bhreá leis, lá éigin, cur faoi i Nua-Eabhrac nó i mBeirlín.

Téamaí an Leabhair:

Bulaíocht – Nuair a thosaíonn Ciarán i scoil nua, casann sé ar an mbulaí mór, Máirtín Mangó. Cuireann Máirtín Mangó isteach go mór ar Chiarán. Ach lá amháin, tarlaíonn eachtra a léiríonn nach bhfuil Máirtín Mangó leath chomh cróga is a ligeann sé air féin....

An Clúdach:

Sula dtosaíonn tú ag léamh an leabhair, caith súil ar an gclúdach. Cén sort scéil a bhfuil tú ag súil leis? Cén fáth go gceapann tú é sin? Píoc amach trí rud a thugann tú faoi deara faoin gclúdach chun do fhreagra a léiriú.



Caibidil 1



Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth go bhfuil na focail ‘An Scéal Faoi Chiarán Ó Mianáin’ scríofa ar chlúdach an leabhair, de réir an údair?

Cé na rudaí éagsúla a rinne Ciarán agus é ag iarraidh casadh isteach ina chuileog?

Ag tús an leabhair, labhraíonn an t-údar go díreach ar an léitheoir. An gcuireann an stíl seo le greann an scéil? Cén fath?

Le plé sa rang:

An ollchumhacht atá ag Ciarán ná go bhfuil sé in ann cuileog a dhéanamh de féin. Cé na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhainfeadh le casadh i do chuileog?

Cén ollchumhacht ba mhaith leatsa a bheith agat agus cén fáth?

Smaoineamh don rang ealaíne:

Déan pictiúr díot féin i stíl cartúin agus tú gléasta mar laoch a bhfuil ollchumhacht aige nó aici.



Caibidil 2

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth gur dhúirt Ciarán ‘ná habair’ ar leathanach a seacht?

Cé na buntáistí don teaghlach a bhainfidh le bheith ina gcónaí sa Phríomhchathair, dar le Daid agus Mam?

Le plé sa rang:

“Nuair a deir daoine fásta go bhfuil “scéal iontach” acu, go hiondúil ciallaíonn sé gur scéal iontach dóibh féin é. Trioblóid a bhíonn ann do gach duine eile”.

An aontaíonn an rang leis an abairt thuas? Smaoinigh ar shamplaí.

Smaoineamh don rang matamaitice:

Déan suirbhé sa rang le fáil amach cé na daoine arbh fhearr leo bheith ina gcónaí i mbaile beag, nó i gcathair mhór, nó amuigh faoin tuath. Déan píchart den toradh.



Caibidil 3



Cúpla ceist faoin téacs:

Tabhair trí chúis nár thaitin an Phríomhchathair le Ciarán.

Cén dá rud a luann an t-údar faoin gcuma atá ar Mháirtín Mangó, nuair a thagann sé chomh fada le Ciarán iglós na scoile?

Cén rud a bníonn ar dhaoine nua a dhéanamh ionas nach gcuirfidh Máirtín Mangó isteach orthu?

Le plé sa rang:

Crann amháin déanta as concreít!

An gceapann an rang go bhfuil cur síos fírinneach déanta ag an údar ar an bPríomhchathair? Cén fáth go gcuirfeadh sé síos ar an áit ar bhealach nach bhfuil go hiomlán fírinneach?

Smaoineamh drámaíochta:

Bris an rang ina bheirteanna. Caithfidh duine amháin páirt Mháirtín Mangó a ghlacadh agus duine eile síceolaí atá ag iarraidh cabhrú leis. Cum radharc bunaithe ar chomhrá nuair a fhaigheann an síceolaí amach cén fáth go mbíonn Máirtín chomh gránna le daoine eile ar scoil.

Caibidil 4



Cúpla ceist faoin téacs:

Cén mothú a bhíonn ag duine a mbíonn duine eile ag magadh faoi nó fúithi, dar leis an údar? Tabhair dhá shampla de cheisteanna a chuir Máirtín Mangó ar Chiarán chun cur isteach air.

Cad a tharla sa bhrionglóid a bhí ag Ciarán?

Le plé sa rang:

Cad ba cheart do Chiarán a dhéanamh faoin tslí atá Máirtín ag cur as dó?

Cén fáth nach bhfuil sé ag déanamh rud éigin faoin mbulaíocht?

Smaoineamh don rang OSPS:

Ag obair i mbeirteanna (nó i ngrúpaí níos mó) déan póstaer a dhearadh (go garbh – don tasc seo, tá na smaointe níos tábhachtaí ná an pictiúr agus an chuma atá air) a spreagfaidh páistí chun cúnamh a fháil nuair a bhíonn duine éigin ag déanamh bulaíochta orthu. Déan cur i láthair sa rang agus déan plé ar na smaointe éagsúla.





Caibidil 5

Cúpla ceist faoin téacs:

Tá tuirse de chineálacha éagsúla luaite ar leathanach 31 – cad iad?


Déan cur síos ar an bpictiúr gránna a rinne Máirtín Mangó de Chiarán Ó Mianáin.

Cén bhagairt a rinne Máirtín ar Chiarán i ndiaidh don mhúinteoir a rá go raibh Máirtín i dtrioblóid?

Le plé sa rang:

Níl Ciarán bocht in ann cur suas le magadh ar bith eile ó Mháirtín Mangó. Deir sé leis an múinteoir faoin magadh leanúnach. Gearrann an múinteoir piónós ar Mháirtín faoin bpictiúr maslach a tharraingt agus gearrann sí piónós ar Chiarán faoi bhréaga a insint.

An gceapann an rang go bhfuil sé sin ceart agus cóir? Cén fáth? Muna gceapann, céard ba cheart tarlú?



Caibidil 6

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth gur cheap Máirtín Mangó gur beirt leibide iad Ciarán agus Áine?

Déan cur síos ar an gclár teilifíse a thaitin leis an múinteoir.

Cén rud nua a fuair tú amach faoi Mháirtín Mangó sa chaibidil seo? An raibh ionadh ort? Cén fáth?

Le plé sa rang:

Cad tá chun tarlú do Chiarán, do Mháirtín agus d'Áine idir seo agus deireadh an scéil, dar leis an rang?

Smaoineamh spráúil don rang ceoil:

Ag obair i ngrúpaí, smaoinigh ar amhráin – amhráin Ghaeilge, amhráin Bhéarla, gach saghas ceann: Cén t-amhrán is deise le Ciarán, an dóigh leat, ón méid atá ar eolas agat faoi? Cén t-amhrán is deise le Máirtín Mangó? Agus cén ceann is deise le hÁine?

Cas píosa de na trí amhrán os comhair an ranga – caithfidh na daoine eile a rá cén carachtar atá i gceist le gach amhrán. Déan liosta de na hamhráin atá luaite leis na carachtair éagsúla agus dean vótáil ar na roghanna is fearr leis an rang.





Caibidil 7

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth gur fhéach na gadaithe an-chosúil le gadaithe?

Cén fáth nach raibh an tríú gadaí in ann bheith ann an oíche sin?

Cé na freagraí a thug Ciarán, Máirtín agus Áine nuair a chuir an gadaí ceist orthu cén t-ainm a bhí orthu?

Le plé sa rang:

Cé go gceapfá gur radharc é seo atá lán le teannas mar go bhfuil Ciarán, Áine agus Máirtín Mangó i gcontúirt, is radharc an-ghreannmhar é. Conas a dhéanann an t-údar radharc greannmhar amach as? Déan liosta ar an glár bán.

Smaoineamh don scríbhneoireacht chruthaitheach:

Déan athscríobh ar an radharc leis na gadaithe, ach an uair seo, bíodh sé lán le teannas – bain an greann ar fad amach as agus scanraigh do léitheoir as a chraiceann!



Caibidil 8

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén plean a bhí ag Ciarán chun éalú amach as an halla aclaíochta?

Cén t-athrú a tháinig ar iompar Mháirtín Mangó? Cén fáth gur athraigh sé?

Déan liosta de na rudaí a ghoidfeadh gadaí as scoil. Déan liosta eile de rudaí scoile nach mbaifadís leo.

Le plé sa rang:

Ar deireadh thiar, nuair a bhí an crú ar an táirne, d'éirigh le Ciarán Ó Mianáin cuileog a dhéanamh de féin. Cén fáth gur éirigh leis an uair seo, dar leis an rang?



Caibidil 9



Cúpla ceist faoin téacs:

Fuair Ciarán amach go raibh sé contúirteach bheith ina chuileog – cad a tharla?

Cad a chuir stop leis an ngadaí an chuileog a mharú?


Gan an chéad chaibidil eile a léamh, scríobh amach cad tá chun tarlú sa scéal go deireadh an leabhair.

Le plé sa rang:

Tagann Máirtín Mangó i gcabhair ar Chiarán Ó Mianáin. An raibh súil ag an rang leis sin?

Go minic i scéalta, i scannáin go mórmhór, feictear an pátrún atá ar fáil sa scéal seo – beirt charachtar nach maith leo a chéile ag an tús, ach faoi dheireadh tá siad ag cabhrú lena chéile.

Cé na scéalta nó scannáin eile a dtarlaíonn sé sin iontu? Roghnaigh scéal amháin atá ar eolas ag go leor daoine sa rang. Ar an gclár bán, dean liosta de na radhairc sa scéal a léiríonn an t-athrú a thagann ar an gcaidreamh, ón uair a bhí an ghráin ag na carachtair ar a chéile go dtí an pointe a bhí siad ag cabhrú lena chéile.



Caibidil 10 (Caibidil 7 atá scríofa anseo sa leabhar – úúps!)

Cúpla ceist faoin téacs:

Cé a shábháil Ciarán Cuileog ón ngadaí mór? Conas?

Conas nár éalaigh an gadaí mór?

Le plé sa rang:

‘Cé go bhfuil an chuma ar an scéal seo go bhfuil sé éadrom agus beagán seafóideach, is scéal an-chliste é: tá an plota casta agus lán de tharlúintí nach mbíonn an léitheoir ag súil leis’ – an aontaíonn an rang leis an ráiteas sin? Tabhair fáthanna a n-aontaíonn nó nach n-aontaíonn leis seo.





Caibidil 11

Cúpla ceist faoin téacs:

Cén fáth go raibh na gadaithe ag iarraidh imeacht ón scoil leis na Gardaí?

Cén fáth go raibh Máirtín ina bhulaí?

Cé na rudaí a rinne Ciarán agus Máirtín le chéile agus iad ina gcairde ag deireadh an scéil?

Le plé sa rang:

An gceapann an rang gur seift éifeachtach é greann a úsáid le hábhar dáiríre ar nós bulaíocht a phlé? An mbeadh sé níos fearr an scéal a scríobh ar bhealach an-dáiríre? Tugaigí cúiseanna le bhur rogha.

Smaoineamh don scríbhneoireacht chruthaitheach:

Samhlaigh gur iriseoir nuachta tú. Scríobh alt nuachta faoi robáil ag do scoil. Scríobhtar ailt nuachta mar seo a leanas:

Ceannteideal – cur síos gearr a mheallfaidh leitheoirí leis an alt a léamh.

Fotheideal – cur síos beagainín níos faide faoin scéal.

Scríofa ag – ainm an duine a scríobh an t-alt.

Cur síos – eolas faoin méid a tharla, nó faoin eachtra nó faoin gceist a bhfuil tú ag scríobh fúithi.

Eolas Cúlra – eolas breise faoi dhaoine a bhfuil baint acu leis an scéal.

